Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10867 – GIP / AZURE / OMERS / VTG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 319/08)

1. An 12 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Global Infrastructure Partners funds ("GIP", na Stáit Aontaithe), faoi rialú Global Infrastructure Management, LLC (na Stáit Aontaithe),

— Azure Vista C 2020 S.à.r.l. ("Azure", Lucsamburg), i seilbh/faoi rialú Abu Dhabi Investment Authority ("ADIA", Abú Daibí),

— OMERS Administration Corporation ("AOC", Ceanada),

— VTG Aktiengesellschaft ("VTG", an Ghearmáin).

Gheobhaidh GIP, Azure/ADIA agus OAC rialú comhpháirteach ar VTG de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus (4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainisteoir neamhspleách domhanda ar chistí bonneagair is ea GIP, a bunaíodh in 2006. Infheistíonn cistí GIP in infheistíochtaí gnáthscaireanna agus in infheistíochtaí a bhaineann le gnáthscaireanna i mbonneagar agus i sócmhainní a bhaineann le bonneagar in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, agus an uisce, agus in earnálacha seirbhísí poiblí eile,

— Díríonn Azure ar infheistíochtaí bonneagair agus tá roinnt scairshealbha mionlaigh aige, san Eoraip den chuid is mó,

— Is é OAC riarthóir Phríomhphlean Pinsin Ontario Municipal Employees Retirement System agus riarann sé pinsin le haghaidh fostaithe gníomhacha, iarchurtha agus ar scor de chuid bardas, bord scoile, leabharlann, rann póilíneachta agus dóiteáin, agus gníomhaireachtaí áitiúla eile in Ontario Cheanada,

— cuideachta idirnáisiúnta fruilithe vaigíní agus lóistíochta iarnróid is ea VTG agus é struchtúrtha ina thrí phríomhrannán gnó: léasú carranna iarnróid, lóistíocht iarnróid, agus umarchoimeádáin. Soláthraíonn VTG réitigh iompair le haghaidh raon iomlán lastais lena n-áirítear leachtanna, gáis, cruach, táirgí adhmaid agus páipéir, gual, cloch, ithir, agus earraí gluaisteáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10867 – GIP / AZURE / OMERS / VTG

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË